BBC Bitesize

**Éist le comhrá Úna lena cara fána turas go Gaillimh. Freagair fíor nó bréagach. (Transcript)**

Úna : Haigh a chroí. Tá mé anseo i nGaillimh. Beidh bainis mo dhearthár, Gearóid, anseo i gceann cúpla lá. Bainis ollmhór a bheas ann agus tá mo ghaolta uilig anseo. Fuair muid bus i rith an bhealaigh ó Iúr Cinn Trá go Gaillimh arú inné agus shíl mé go raibh an turas compordach agus sultmhar. Bhí gach duine ag ceol agus bhí craic ar dóigh ann agus níor mhair an turas ach cúig huaire ó thús go deireadh. D'fhan mé le mo thuismitheoirí anseo san óstán aréir. Óstán cúig réalta atá ann i lár na cathrach. Tá sé gleoite ar fad! Tá na seomraí ollmhór agus tá linn snámha den chéad scoth ann.

Tá radharc galánta den abhainn ón seomra. Aréir, bhí cóisir mór san óstán agus bhí an bia an-bhlasta ar fad. Bhí gach duine ar mhuin na muice. Beidh an bhainis ann arú amárach agus caithfidh mé a bheith i mo shuí go luath ar maidin chun cuidiú le mo dhearthair.

Cuirfidh mé grianghraif den bhainis chugat. Oíche mhaith!

**Éist le comhrá Úna lena cara fána turas go Gaillimh. Freagair fíor nó bréagach.**
**(Translation)**

Úna : Hello dear. I am here in Galway. My brother's wedding is here in a few days. It will be a huge wedding and all of my relatives are here. We took a bus all the way from Newry to Galway the day before yesterday and I thought that the journey was comfortable and enjoyable.
Everyone was singing, the craic was great and the journey only lasted five hours from beginning to end. I stayed with my parents here in the hotel last night. It is a five star hotel in the middle of the city.

It is very pretty! The rooms are huge and there is a top class swimming pool. There is a beautiful view of the river from the room as well. Last night, there was a big party in the hotel and the food was very tasty. Everyone was in great form (on the pig's back).

The wedding will be the day after tomorrow and I have to be up early in the morning to help my brother. I will send you photos of the wedding. Goodnight!